

Mionlach

€3/£2
Uimhir 13

IRIS DE CHUID MISNEACH

Samhradh 2021



MISNEACH

ár dteanga, ár dtodhchaí

» Géarchéim tithíochta sa Ghaeltacht

» Na Gardaí — cén mhaith iad?

» Plean Tuaithe Nualíobrálach an Stáit

» Ag cosaint *Peig* agus litríocht na Gaeilge

Agus go leor eile ...



Teagmháil:
mionlach.iris@gmail.com
Suíomh idirlín:
mionlach.wordpress.com
Dearadh:
buióchas le Caomhán Ó Scolaí

I measc ábhar an eagráin seo:

3 **Chuala Mé...**

Katie Roskams

4 **Ag cosaint Peig agus
litríocht na Gaeilge**

Jim Ward

6 **Plean Tuaithe Nualibrálach
ar mhaithe le Stát Nualibrálach**

Kerron Ó Luain

7 **Dán grá**

Gabriel Rosenstock

Clann Sráide

Aodh T Mac Gairbheá



8 **Na Gardaí —
cén mhaith iad?**

Ceadharlach Bealtaine

9 **Litir do m'íníon**

Justine Irvine

10 **Fferm Olaf y Cwm/
An tSraith Deiridh ar Lár**

Tamsin Cathan Davies

12 **Saoire sa bhaile agus géarchéim
tithíochta sa Ghaeltacht**

P. S. Mac Oscair

14 **Na Caochphoill**

Vendula Ježková-Kasalická

15 **Íníon an Deoraí**

Cáit Ní Ghionnáin



Eagarfhocal

‘Ní bhaineann sé seo liomsa,’ a déarfá, a chomrádaí. Ach baineann, pé brí tír, pé brí áit, bheag nó mhór, a bhfuil cónaí ort. Níl againn ach scéalta, scéala as Éirinn agus as an domhan mór. Níl againn ach an focal bocht báite i bhfarraigí móra an lae atá inniu ann. Más bocht iad na scríbhinní, a léitheoir dhil, i do thuairim féin, déan staidéar! Tá tusa agus muide saibhir, tá ár dteangacha féin againn agus fiú dá mbeimis beo bocht, gan an phinginn rua féin fágtha inár bpócaí, is leor dúinn ár dteanga féin.

Is i bPrág i bPoblacht na Seice atá na focla seo á scríobh, agus tagann na focla eile chugat as Sasana agus as an mBreatain Bhig agus as an tSeic agus as Éirinn, ar ndóigh. Is mór an chreach, is mór

léiríós **Aodh Mac Gairbheá** agus **Pádraig Mac Oscair** agus **Kerron Ó Luain** agus **Tamsin Cathan Davies** anseo, i ndán breá agus i bprós baileach barainneach agus i scéal.

An bean thú, a chara? An mbíonn faitíos an domhain ort roimh an méid a d'féadfadh tarlú duit i gcónaí, gach uile nóiméidín beag de do shaoil? An bhfuil eochair uait, le doras mór áras an chiúnais a oscailt? Tá scéilín faoi sin anseo ag **Katie Rua Roskam**.

An bhuil dóchas uait, a chomrádaí? An bhfuil misneach uait? Tá misneach le fáil anseo ag **Justine Irvine** agus ag **Cáití Ní Ghionnáin** a scríobhas faoin teallach agus faoin tíos agus faoin gcaoi ar éirigh leo saol Gaeilge a chruthú dóibh féin agus dá muintir agus dá gcomharsana thar sáile. Tá faitíos an domhain ar lucht na bunaíochta roimh na teangacha dúchais mar is fuath leo an éagsúlacht dhaonna, tá eagla orthu roimh líofacht an phobail, mar tuigeann siad gur arm í an teanga, claíomh solais a ghearrfas 'chuile bhréag ina ribíní — teanga líofa, teanga na fírinne. Teanga agus focla is dual dúinn a chosaint agus a chaomhnú agus a chur i bhfeidhm, focla ó bhéal agus ó pheann scríbhneoirí agus



scéalaithe agus filí na Gaeilge, mar a mheabhraíós **Jim Ward** dúinn san eagrán seo.

Ní bhaineann sé leatsa, a cheapfá? Baineann, mar ní hoileán aonair ann féin é aon duine beo, agus ná cuir fios ar éinne lena fháil amach cé dó a bhfuil na cloig á mbualadh, mar a dúirt an Breatnach aisteach sin, John Donne. Is duit féin agus dúinne atáthar á mbualadh. Thuig duine de mheitheal na hirise seo an bhrí atá leis na focla sin ar ball, nuair a casadh daoine éagsúla i bPrág air, daoine as clann bhocht na cruinne — Jaruška, bean fuála is bróidnéireachta, bean bhreá chineálta ar fuadaíodh a mac uaithe go Cúba mar gheall ar choir bheag a chuir i dtóin an

phríosúin í na blianta fada ó shoin, agus í gan an chosaint ba dlite di — 'sloigeadh mo cholainn bhreá féin tar éis mo shaortha,' a deir sí; Sirriam Phrag, fear Románaíoch agus é sínte ar bhinse in aice stad bus i gceann de na ceantacha is saibhre i gCathair na gCéad Túr; agus an deoraí bocht lena chuid balcaisí in aice na habhann, Vltava, Fear na Málaí suaracha i margadh na bhfeilmeoirí...

Saol trí Ghaeilge atá uainn, saol trínár dteanga féin, comhar na gcomharsan, amhrán na beatha, an t-amhrán breá úd darb teideal an tIdirnáisiúntán, *l'Internationale*. Réabhlóid, bualadh chlog chroí an duine bheo, atá uainn, athrú agus claochmú na hintinne daonna atá uainn, mar a léiríós **Vendula Ježková-Kasalická** ina scríbhinn bhorruil agus dán de chuid **Gabriel Rosenstock** in eagrán an tsamhraidh seo 2021.

Meitheal Eagarthóireachta *Mionlach* — beannachtaí chugat ó Khatie McGreal, ó Sheanán Mac Aoidh, ó Kherron Ó Luain, ó Bhen Ó Ceallaigh, ó Phádraig Mac Oscair, ó Emmet Ó Fatharta agus ó Iognáid Cheoinín



Chuala mé...

le Katie Roskams

Chuala mé torann taobh thiar díom....

Chuala mé torann taobh thiar díom agus mé ag siúl i dtreo mo chairr. Bogadach a bhí ann. Ní raibh duine ar bith eile thart. Bhí sé sách luath fós, bhí mé díreach tar éis an obair a chríochnú. Bhí an ghrian ag dul faoi agus theastaigh uaim carrchlós na hoifige a fhágáil agus tiomáint ar shiúl.

Níorbh aon rud eile é ach bogadach. Is cinnte nach raibh aon údar imní ann. Is óinseach mé. Ar mo chluasa a bhí sé. Ainmhithe de chineál éigin a bhí ann ar ndóigh. Éan, b'fhéidir.

Chuaigh mo lámh chuig mo chuid eochracha le teann instincte. Bhí greim daingean agam orthu agus mé ag siúl i dtreo mo chairr. Níl ionam ach óinseach. Bhí mé ag siúl timpeall cosúil le Wolverine. Cad a bheadh le déanamh agam, fiú dá mba ghá dom iad a úsáid? Níl mé ach cúig troithe ar airde, níl déanamh scafánta orm. Níl ranganna féinchosanta déanta agam. Cad is féidir liom a dhéanamh le heochracha? An mbeadh sé níos fearr dom a bheith ag rith ar shiúl? Cén chaoi a dtiocfaínn abhaile sa chás sin? An mbeinn ag cur níos mó contúirte orm féin? An bhfuil mé i mbaol anois fiú?

*Go tobann, cloisim coiscéimeanna,
ag druidim liom.*

*Ní raibh mé ag samhlú rudaí.
Siúlaim beagán níos sciobtha....*

Thosaigh mé ag siúl beagán níos sciobtha. Níl mé ag rith. D'fheicfeadh duine ar bith a bheadh ag breathnú orm é seo mar luas beagáinín níos sciobtha. Níl mé ag rith. Ar cheart dom a bheith ag rith? Chuala mé bogadach agus ba é sin é. Is paranóia atá orm. Cén fáth go mbím chomh paranóideach i gcónaí? Rinne mé gáire fúm féin. Ní gáire fíor é ach is féidir liom a chur ina luí orm féin gur fíor é. Is óinseach amach is amach mé. Is duine fásta mé, tar éis an tsaol, níl sé ach sé a chlog, cén fáth a bhfuil imní orm mar sin?

Go tobann, cloisim coiscéimeanna agus tá siad ag druidim liom. Ní raibh mé ag samhlú rudaí. Siúlaim beagán níos sciobtha. Tá mé ag rith anois, beagnach. Déarfadh duine ar bith a bheadh ag breathnú orm go bhfuil mé ag rith. A Chríost, tá súil agam go bhfuil duine éigin eile ag breathnú orm. Inár n-aonar atá muid sa charrchlós seo. Is óinseach mé, cén fáth nach raibh mé ní ba chúramaí? Smaoineamh óinsí a bhí ann go bhféadfainn siúl ar ais go dtí mo charr liom féin tar éis titim na hoíche.

Cloisim gáire. D'aithin mé an gáire sin. Casaim thart agus feicim mo chomhghleacaí. Deireann sé rud éigin faoina anáil ach ní féidir liom é a chloisteáil mar gheall go bhfuil mo chroí ag preabadh ró-ard. Níl aithne mhaith agam ar an gcomhghleacaí seo, ach fear gan dochar é. Fear Gan Dochar, nach raibh ag dul mé a ghortú, agus nuair a bhuail mé leis agus nuair a bhí sé dearbhaithe agam nach raibh sé ag dul mé a ghortú, d'éirigh muid cairdiúil. Cosúil le gach bean eile a bhfuil aithne agam uirthi, déanaim an measúnú riosca seo sula dtosaím ar chaidreamh — gairmiúil, cairdiúil nó rómánsúil —



le gach fear a mbuailim leis. Níl a fhios ag fir faoin measúnú riosca toisc go bhfuil sé paranóideach dóibh. Óinseach. Histéireach.

Rialaím mo chuid análaithe. “Lig tú sin as do lámha”, a deir mo chomhghleacaí, fós ag miongháire. Tugann sé mo chárta aitheantais dom. Beirim ar an gcárta gan focal asam. Déanaim iarracht dreach lách a chur orm. Glinníonn sé orm. “Hé, an bhfuil tú ceart go leor?” Cheapfa gur taibhse a chonaic tú.”


Ní fhaca, smaoiním. Ní féidir le taibhsí mé a ghortú. Ach is féidir leatsa.

Cad atá cearr liom? Deirim cúpla focal buíochais faoi m'anáil agus téim isteach i mo charr, ag díriú go crua ar mo thiomáint agus ag anáil go domhain. Beidh orm leithscéal a ghabháil leis amárach. Cad a cheapfaidh sé díom? Cén fáth a mbíonn an oiread sin eagla orm i gcónaí? Níor tharla aon rud tar éis an mhéid sin uile.

Níor tharla aon rud an babhta seo.

► Tá cónaí ar Katie Roskams i Northumberland i dtuaisceart Shasana. Is aistritheoir gairmiúil í atá ag obair i nGearmáinis agus in Ollainnis. Tá sí ag foghlaim Gaeilge le cúig bliana anuas agus tá Ard-Diplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach beagnach críochnaithe aici in OÉ Gaillimh. Is maith léi an gharraíodóireacht agus agóidíocht bhríomhar.

Ag cosaint *Peig* agus litríocht na Gaeilge



le Jim Ward

Le roinnt mhaith blianta anuas tá an-chaint sna meáin cumarsáide agus eile, seafóideach, im' thuairim féin, faoi thairbhe staidéir an leabhairín deas úd *Peig*. Bhí *Peig* ar chúrsa na hArdteistiméireachta le blianta agus mar gheall ar 'éiginteacht' na Gaeilge ag an am (nó b'fhéidir mar gheall ar 'chlár oibre i bhfolach' ag dream eile) tá drochphreas ag baint leis an leabhairín. Deirtear go bhfuil sé gruama agus ag léiriú an tsaoil dearóil a chaith an t-údar.

Bíodh is go bhfuil. Ach mar dhuine nár léigh *Peig* don Ardteistiméireacht (tá rogha leathan leabhar ar an gcúrsa), bí cinnnte nach n-aontaím leis na tuairimí diúltacha atá ag dul thart.

Tá an argóint chéanna ag baint leis an 'Gaeilge éigeantach' ar scoil. Agus tá na fórsaí atá in aghaidh na Gaeilge sna scoileanna ag teacht amach go tréan sa díospóireacht seo.

Ag breathnú ar scéal Pheig, im' thuairimse, séard atá i gceist litríocht deas 'tíre', scríofa i stíl shimplí. Litríocht den chéad scoth; litríocht *paysanne* mar a ghlaoitear uirthi sa Fhrainc. Tá an dúlra ann chomh maith le cuntas ar shaol na ndaoine. Muintir na mBlascaodaí ag tús na fichiú haoise. Béaloideas. Agus ar ndóigh, saol nár athraigh leis na glúinte fada anuas. Más ea, ba chóir an scéal a léamh i dteannta scríbhinní eile na n-oileán; *An tOileánach* le Tomás Ó



Peig Sayers

Criomhthain agus *Fiche Bliain ag Fás* le Muiris Ó Súilleabháin.

Tá na leabhair seo scríofa i nGaeilge álainn chruinn bheacht shimplí. Tá siad cosúil le scríbhneoireacht Liam Uí Fhlaithearta sa

chnuasach scéalta *Dúil* faoi oileáin eile; Oileáin Árann — na hÁrainneacha. Sampla eile de litríocht dúlra é seo. Leabhar fisiciúil faoi ainmhithe agus faoi dhaoine.

Thabharfadh *Peig* agus an stíl atá ann

ceacht do scríbhneoirí an lae inniu. B'fhéidir go mbeadh cuid den leabhar leadránach agus truamhéileach ach b'shin é an saol a chaith muintir na h-áite san am úd. Is sampla maith do scríbhneoireacht staire sóisialta í Peigín. Í scríofa ag bean nach raibh oideachas ceart aici, a deirtear.


Is cinnte go bhfuil meath ag teacht ar an nGaeilge le blianta anuas. Ach, an bhfuil Peig freagrach as an meath sin nó dó? Caithfidh go bhfuil tionchar thar lear ar 'chuile ghné den tsaol atá inniu ann. Caithfidh go bhfuil rud eicint as alt i múineadh na Gaeilge ina lán scoileanna ó bhun go bharr. Ach ná cuir an locht ar an leabhairín beag de chuid Pheig.

Maidir leis an gcúrsa Gaeilge don Ardteist, bí cinnte go bhfuil rogha mór litríochta le léamh ann. Mar a dúirt mé cheana, níor léasa Peig don scrúdú. Léigh mé *Scothscéalta Uí Chonaire* (leabhar an-ghruama nár thaithin liom), an *Tóraíocht* — deascéal Fiannaíochta agus *Bullaí Mhártain* le Síle agus Donncha Ó Céileachair. Agus molfadsa an cnuasach sin go deo. Is minic a thagaim ar ais ar an leabhar úd. Cé go bhfuil na scéalta lonnaithe sna caogaidáí in Éirinn, ré nach bhfuil mórán meas air anois ag daoine. Tá scéalta an-shuimiúil ann, agus gair don ré a d'fhás mise suas — na h-ochtóidí. Cuir i gcás teideal-scéal an leabhair *Bullaí Mhártain*; scéal faoin ól, faoi ragairneacht agus troid sna hallaí rince sna blianta sin ('bhfuil athrú ann?). Tá scéalta faoin tuath, scéalta eile faoi shaol na cathrach, faoi mhic léinn agus faoi dhaoine sa stáitseirbhís. Léiríonn na téamaí seo saol bocht dorchá caol na h-aimsire úd, agus déarfainnse gurb é seo ceann de na leabhair is fearr dá bhfuil scríofa agus foilsithe i nualitríocht na Gaeilge. Tá siad cosúil le saothar Uí Chadhain ó thaobh na dtéamaí a nochtar ann, cé gur deacra Ó Chadhain mar scríbhneoir agus níl sé ar chúrsa na hArdteiste, faraor.


Agus cé nár thaithin liom *Scothscéalta Uí Chonaire* (tá neart dorchadais ina shaothar *Deoraíocht* chomh maith) don Ardteist, bhí samplaí dá scéalta grinn ar chúrsa na Meánteiste — scrúdú nach maireann, an deascéal 'M'asal Beag Dubh', cuirim i gcás.

Ag labhairt faoin sean-siollabas, faoin méid a tharla, mar shampla, do théacs Béarla a cuireadh in ath-chlól le deireannaí; tagraím don leabhar filíochta *Soundings*, agus don chnuasach *Exploring English 1* freisin. Nuair a tháinig siad seo amach arís tráth mhargadh na Nollag cúpla bliain ó shin, bhí rath mór orthu. 'Best sellers' mar a déarfá, daoine ag dul *retro*. Agus b'fhéidir go mba chóir do dhuine *Fios Feasa* na Meánteiste leabhar a tharraingt amach in ath-chlól chuna chruthú go bhfuil saghas margadh ann do shean-téacsanna Gaeilge chomh maith.

Sa gcnuasach sin bhí togha scéalta agus



[Thuas:] Na húdair Liam Ó Flaithearta agus Pádraig Ó Conaire



rogha litríochta. Ceann amháin, mar shampla 'fobairt' le Mícheál Ó hOdhráin, leis an gcéad líne 'Bhocléim na ranganna sóiseara, lom a luaithe a bhuaile an chloigeann...', ceann de na chéad línte is fearr a scríobhadh i Nua-Gaeilge. D'fhoilsigh Cló Iar-Chonnachta leabhar a bhí agam sa mbunscoil, blianta ó shin *Ó Pheann an Phiarsaigh* le deireannaí (ag comóradh céad bliain Éirí Amach na Cásca) agus d'éirigh leis.

Bheadh grá agat don Ghaeilge tar éis na leabhair seo a léamh arís.

Is dócha go mba chóir don Roinn Oideachais an cúrsa gnáthleibhéil don Ardteist a dhíriú ar an nGaeilge labhartha agus ar an ngramadach labhartha, agus béim ní ba treise a chur ar an litríocht don chúrsa ardleibhéil. Seans ansin go dtitfeadh an dream atá in aghaidh na Gaeilge éigeantach ina thost — tost na héiginnteachta?

Leis na blianta anuas, ón am a léigh mé *Fios Feasa* don chéad uair don Mheánteist, cheap mé go bhfuil an aiste dheas 'Tráthnóna' le Mícheál Breathnach (Cois Fharraige, Co. na Gaillimhe) ar cheann de na píosaí próis is fearr dá bhfuil scríofa i nGaeilge. Ó shin amach, thug mé spéis don údar. Fuair Mícheál Breathnach bás de bharr na h-eitinne sa bhliain 1908. Scríobh sé aistí don iris *An Claidheamh Solais* agus an Píarsach ina eagarthóir. In 'Tráthnóna', tá cur síos ar radharcanna a chonaic an t-údar i sléibhte na hEilvéise, áit ar chuir sé cuairt air mar leigheas dá thinneas. 'Bhí an ghrian ag brath ar a dhul faoi ...' a dúirt sé agus nach álainn an abairt í sin in aon teanga!

Cúpla bliain ó shin, agus mé ag breathnú ar na seilfeanna Gaeilge i siopa leabhar, céard a bhí os mo chomhair ach ... sea, Scríbhinní Mhícheál Bhreathnach. Gach uile rud a scríobh sé. Comhtharlú a bhí ann, ab ea? Ba cheart dom léirmheas a scríobh ar an leabhar ach sin ábhar d'uair éigin eile.

Ní domsa ar cheart breithiúnas a thabhairt ar *Pheig*, gan trácht ar litríocht eile a bhí ar an siollabas, tráth dá raibh. Go raibh rogha leathan litríochta ar an siollabas, agus déantar comparáid idir *Peig* agus saothar eile óna Blaoscaodaí.

► Is scríbhneoir Gaeilge agus Béarla é Jim, le neart filíochta is scéaltaí foilsithe aige. Bhuaigh a dhrama Just Guff gradam ag Féile Fringe na Gaillimhe i 2017 agus chuaigh sé ar aghaidh go Liberty Hall le linn MayFest 2019. Bhí drama eile dá chuid, Three Quarks, léirithe ag The James Joyce Centre, i mBÁC ar Zoom sa bhFeabhra seo caite, breithlá James Joyce. Is cartúnaí é leis An Phoblacht faoin ainm 'Breacaire' chomh maith le treoraí turais i nGaillimh. Ina theannta sin, tá Jim ina Oifigeach Caidreamh Poiblí ag Sinn Féin na Gaillimhe.

Plean Tuaithe Nualioibrálach ar mhaithe le Stát Nualioibrálach

le Kerron Ó Luain

D'fhoilsigh rialtas na Sé Chontae Fhichead a phlean tuaithe le déanaí dar teideal *Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann: Beartais Forbartha Tuaithe na hÉireann, 2021-2025*. Más fadálach agus más galánta teideal an phlean, ní féidir an rud céanna a rá faoin ábhar. Sula bpléim leis an ábhar, áfach, is fiú a chuimhniú go n-eisíonn an stát pleananna uailmhianacha den sórt seo de shíor. I gcómhthéacs na Gaeilge ní gá ach smaoineamh ar an *Stráitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*. Tá teipthe ar an bplean sin—a seoladh i mblianta na déine—cheana. Níos faide siar sa stair, foilsíodh *Athbheochan na Gaeilge 1965*. Ghlaoigh Máirtín Ó Cadhain 'a deluge of clichés' ar an gcáipéis áirithe sin. Sna hochtóidí, nuair

le hinfheistíocht a dhéanamh i gcóras leathanbhanda agus moil dhigiteacha ('digital hubs'). Mar sin féin, is ag éirí as an bpaindéim atá an coincheap nua seo ag an rialtas; coincheap na cianoibre. Táthar ag súil go mbogfaidh go leor de lucht na cathrach i dtreo na tuaithe agus go dtiocfaidh borradh eacnamaíochta uathu siúd a mbeidh i mbun gnó ar a ríomhaire sa bhaile nó sna moil seo. Ach, níl ar bun ag an rialtas i ndáiríre ach caisleán óir fantasaíochta a thógáil. Is cosúil nach bhfuil aon tomhais déanta acu ar an méid daoine a bheas in ann saol cianoibre a chaitheamh faoin tuath amach anseo. Tá neamhaird á déanamh ar fhorhmhór na ndaoine (den lucht oibre den chuid is mó) gur ghá dóibh bheith gar don láthair oibre, gan trácht fiú ar an mbrú a chuirfidh

leith an phlean tuaithe seo. Deirtear sa bplean go bhfuil 'an Rialtas tiomanta go hiomlán i gcónaí do líonra oifigí poist inbhuanaithe mar chuid thábhachtach den bhonneagar geilleagrach agus sóisialta i gceantair thuaithe'. Bréag. Tá na hoifigí poist á ndúnadh ar fud na gceantar tuaithe le blianta beaga anuas de bharr nach bhfuil 'bonn láidir tráchtála' fúthu. Anuas air seo, áitítear go bhfuil 'an Rialtas tiomanta an ceangal bus réigiúnach agus an ceangal idir bailte agus sráidbhailte i gceantair thuaithe na hÉireann a chosaint agus a leathnú'. Bréag lofa eile. Tá príobháidiú á dhéanamh ar an gcóras bus le fada an lá agus an maoiniú a théann ina threo á chiorrú de shíor. Sa deireadh thiar, maítear go bhfuil 60% 'dár dtithe a sheachadadh ar imeall lonnaíochtaí agus i gceantair thuaithe'. Is í seo an bhréag is áiféisi. Níl tithe a bhfuil fáil ag an mórfhobal orthu á 'seachadadh' le fada an lá, óir braitheann an stát ar an margadh, na forbróirí agus na creach-chistí tithíochta a thógáil agus tógtar iad ar mhaithe leis an mbrabús amháin.

Agus an plean tuaithe seo á mheas, meabhraítear dúinn na Glasaigh, na nualioibrálaithe agus lucht an rachmais (Elon Musk agus pleotaí cosúil leis) a chreideann gur féidir leis an teicneolaíocht ann féin an cine daonna a shlánú ón ngéarchéim timpeallachta atá ar na bacáin. Ní fheabhsóidh an chianobair inti féin saol na tuaithe — gan athdháileadh cumhachta agus maoine i dtreo na tuaithe agus infheistíocht ollmhór in infreastruchtúr na gceantar céanna níl i ndán don tuath ach bánú gan stad. Caithfear an tír a chíoradh ar lorg is ar tóir bealaí éagsúla, idir sean agus nua, leis an daonlathas agus saibhreas na tíre a roinnt go cothrom ionas go mbeidh comhionannas ann idir an tuath agus an chathair faoi dheireadh is faoi dheoidh.

► Is sóisialaí, poblachtánach agus staraí as Ráth Cúil, Co. Átha Cliath, é Kerron. Tá sé ag cur faoi sna Sé Chontae faoi láthair de bharr chíosanna arda na hArdchathrach. Is ar stair na Gaelscolaíochta atá a chuid taighde dírithe faoi láthair. Tá sé ina Oifigeach Poiblíochta i Misneach chomh maith.

Is gearr nach mbeidh i saol na tuaithe ach 'cárta poist' ó Shlí an Atlantaigh Fhiáin...

a cuireadh plean uailmhianach le spriocdhátaí agus cuspóirí soiléire faoi bhráid an rialtais, mar a tharla nuair a d'eisigh Bord na Gaeilge an *Plean Gníomhaíochta Ceithre Bliana don Ghaeilge 1983*, diúltaíodh glan dó 'cheal acmhainní'.

Tá an doiléireacht chéanna le sonrú sa bplean tuaithe úr seo agus gan mórán le sonrú ann maidir le hacmhainní. Tríd is tríd, níl spriocdhátaí ná coimhitmintí soiléire ar bith ann. Tá geallúintí áirithe ann maidir

fostóirí ar fhostaithe filleadh ar an oifig agus an ráig dheireanach den phaindéim curtha dinn. Sa mhullach air sin, tá na deacrachtaí pleanála i dtaobh tithíochta agus na costais a bhaineann le tithe a cheannach is a thógáil á ligint i ndearmad ag an rialtas, d'aon ghnó, shamhlófá.

I ndeireadh na dála, níl aon bheartais sa bplean tuaithe seo a chuirfidh feabhas ar chaighdeán shaol mhuintir na tuaithe. Is mithid dúinn trí shampla sa bplean a lua a thugann léargas ar chur i gcéill an rialtais i

Dán grá le Gabriel Rosenstock i bhfoirm tanka 31 siolla (5-7-5-7-7), ag freagairt do shaothar ealaíne de chuid **Lyonel Feininger** (1871-1956).



sin sin, a thaisce
tá ár ndóthain faighte againn
is éirí amach é
táimid ar na sráideanna
spéartha ar lasadh le dúil

Tugtar tanka pictiúrtha ar an seánra filíochta seo, nó ekphrastic tanka. Is é an tanka an seánra filíochta is sine ar domhan de na seánraí filíochta atá fós á gcleachtadh inniu, seánra Seapánach a ghabhann siar 1,300 bliain. Tá sraith leabhar tanka pictiúrtha foilsithe ag Rosenstock agus tugann sé amach saor in aisce iad. Is é Ciumhais na hAigine/Outskirts of the Mind an cúigiú leabhar dátheangach sa tsraith sin:

“Tá sé níos éasca tanka datheangach, i nGaeilge agus i mBéarla, a fhoilsiú i nDeilí Nua na hIndia ná in Éirinn,” a deir Rosenstock.

Cén fáth a bhfuil na leabhair tanka á bhfoilsiú saor in aisce aige?

“An ngearrtar táille ar an ngealach? Ar bholadh an róis?

Ar an ngrá? Ba chóir an fhilíocht a bheith saor in aisce. Tháinig an inspioráid chugamsa saor in aisce. An ceart domsa €12.99 a ghearradh ort chun toradh na hinspioráide sin a léamh? B’fhearr liom nach mbeadh an tomhaltachas agus an capitleachas lofa bainteach leis an bhfilíocht. Truaillíonn siad an fhilíocht.”



Clann Sráide le Aodh T Mac Gairbheá

Nach tusa atá ádhúil anocht,
Nach bhfuil buaireamh intinne ort,
Do luí go te faoi scáth ar do thocht,
Nach i do luí amuigh atá tú beo bocht.

Smaointigh, a mhic, go bhfuil sé ag sioc anocht x2

Is cosúil nach bhfuil ort pian ná brón,
Ach nach tú is iad a chothaigh an sceon,
Beo ar laigeachtaí is meath, an meon,
Díol creiche mar a bhíos ag an Leon.

Caith oíche amháin i m’áitse,
Blas saol searbh duine cráite,
Ní fiú an méid atá agatsa ráite,
Gaoth i gcluasa do chlann sráide.

Dúnmharfóir faoi dhíon, bia’s deoch,
An gadaí faoi dhíon, bia’s deoch,
Ach an duine gan locht,
’Sé an duine beo bocht,
Ina luí amuigh faoin spéir anocht.

► Tá Aodh ina chónaí i dTír Chonaill lena bhean chéile Lisa agus a bpáistí Huidí agus Rheddyn. Bíonn sé ag obair istigh ar Oileán Thorai mar mhúinteoir Gaeilge. Ba mhaith leis saoirse agus síocháin a fhéiceáil ar fud an domhain.

An tIdirnáisiúntán

Oibrí is feirmeoir le chéile
Lucht saothair i bpáirtí mór amháin;
Leis an gcine daonna an saol seo,
Níl áit don saibhir ann.
Nach iomaí colainn bhreá a shloig siad!
Ach má imíonn siad amach anseo,
Badhbha is amplacháin mar iad,
Beidh solas na gréine linn go deo!
Tá cath na cinniúna ann
In aon slua linn!
An tIdirnáisiúntán
A chomhaontóidh sinn.



Aistrithe ag Aindrias Ó Cathasaigh

Na Gardai — cén mhaith iad?

le Ceadharlach Bealtaine

Le tamall anuas tá go leor cainte ann ar fud an domhain faoi “dhí-mhaoiniú” na bpóilíní, le fáil réidh leo mar institiúid. Is iomaí argóint a dhéantar ar a shon seo—mar shampla go mb’éifeachtaí i bhfad na hacmhainní a théann isteach i bpoll na póilíneachta a chaitheamh ar rudaí cosúil le hoibrithe sóisialta, seirbhísí meabhairshláinte, nó tacaíochtaí eile pobail. Tá carnán mór taighde ann a léiríonn go ngineann an caipitleachas coiriúlacht, agus ní dhéanann na póilíní tada leis seo a athrú, ach a mhalairt: coinníonn an córas seo daoine ar an ngannchuid, agus is é príomhról na nGardai ná an córas a chosaint.

Tá fhios ag an saol nach bhfuil na Gardai ann le breith ar choirpigh chorparáideacha nó ar bhilliúnaithe. Na coirpigh is mó amuigh, tá cead a gcinn acu – na bodaigh mhóra atá ag scríodh an domhain ar mhaithe le brabús, na daoine saibhre seo nach n-íocann cáin, slíomadóirí a bhriseann aon dlí nach bhfeileann dóibh an fhad is atá an chuid eile againn ag sclábhaíocht le cíos a íoc agus brabús a dhéanamh ar son lucht an rachmais.

Táthar ann a deir nach bhfuil na Gardai s’againne sa Daorstát cosúil leis na brúideanna i SAM nó i dtíortha eile. Ní aontódh muintir Terence Wheelock leat, leaid a dúnmharaíodh i stáisiún i mBÁC in 2005, ná George Nkencho, a caitheadh ag deireadh 2020, ná pobal na Gaeltachta i Maigh Eo, a d’fhulaing brúidiúlacht uafásach ó na Gardai ar feadh blianta agus iad ag troid in aghaidh Shell. Ná déanaimis dearmad ach an oiread ar scannal Maurice McCabe, a léirigh doimhneacht na caimiléireachta atá sna Gardai. Ar ndóigh, tá stair fhada den diabhlaíocht chéana sa PSNI, rud a leanann ar aghaidh inniu.

Ní bhaineann sé le daoine aonair sna póilíní. Baineann sé le nádúr na póilíneachta mar institiúid a thugann cumhacht do dhream beag, agus leis an ról atá acu chun an *status quo* a chosaint, cibé chomh mífheidhmiúil is atá sé.

Seans nach raibh ach taithí mhaith agatsa riamh leis na

● Maurice McCabe



● Gardai Síochána i Ros Dumhach

Gardai, a léitheoir. Sa gcás sin, is dóiche ná a mhalairt nach as ceantar an-bhocht thú, nó nach teifeach thú, nó duine den lucht siúil, nó duine gan dídean. Gan trácht ar éinne a throid in aghaidh na dtáillí uisce, nó in aghaidh na bhfaisisteach, nó scríodh na timpeallachta. Dá mba ea, tá sé ionann is cinnte go mbeadh scéal eile agat.

Aon rud maith a dhéanann na Gardai, d’fhéadfaí a dhéanamh ní b’fhearr gan iad, ach seirbhísí sóisialta agus sláinte maithe poiblí a bheith againn. Agus tá samplaí go leor ann d’áiteanna ina bhfuil sin ag tarlú, cuid acu ag baint úsáid as cuir chuige bhundúchasacha a bhfuil rath inspioráideach orthu.

Cén bhaint atá aige seo leis na Gaeil a deir tú? Bhuel, ar ndóigh, níl na Gaeil scaipthe amach ón tsochaí—gach trioblóid atá ag an tsochaí trí chéile, tá sé ag na Gaeil freisin. Ach mar bharr air sin, is leis an gcóras caipitleach a chosaint atá na póilíní ann—agus mar atá mínithe go minic ag Misneach, sin an rud atá ag marú na Gaeilge, mar aon le gach dochar eile a dhéanann sé. Is cuma má bhíonn cuid acu ag freastal ar ranganna Gaeilge amach anseo, beidh sé fós mar dhualgas proifisiúnta ar na Gardai córas frith-Ghaelach, frith-dhaonna a chosaint.

Ó tháinig na chéad fhórsaí póilíneachta proifisiúnta ar an bhfód sa 19ú haois (bunaithe ar thaithí na gcoilíneach in Éirinn), bhí siad ann le cur in éadan gach dul



● Terence Wheelock



● George Nkencho

chun cinn sóisialta, gach forbairt i dtaobh cearta do dhaoine atá faoi chois, gach stailc agus agóid a d’éiligh ceartas, gach éagóir ar throid daoine ina haghaidh. Ní timpiste é go raibh siad ar an taobh contráilte den stair míle uair agus i míle áit.

Dá n-uireasa, ní bhfaigheadh daoine gan dídean bás ina gcodladh taobh amuigh d’fhoirgnimh fholmha, bheadh ar lucht an rachmais a maoin ollmhór a roinnt, bheadh muid in ann stop a chur le milleadh uafásach na timpeallachta.

Seasann na póilíní idir muid agus saol níos fearr. Faighimis réidh leo.

Más suim leat tuilleadh a fhoghlaim faoin cheist seo, ní rachaidh tú amú leis an fhíseán seo le “Thought Slime”, a leagann amach an cás ar bhealach snasta: All Cops are Bad.

► Is as iarthar na hÉireann Ceadharlach Bealtaine. Tá seantaithí acu ar dhiabhlaíocht na bpóilíní. Is fuath leo an córas lofa atá ag scríodh an domhain agus tá ard-mheas acu ar na Zapatistigh agus ar ghrúpaí eile dá sórt atá ag troid ar son shaoradh na cosmhuintire idirnáisiúnta ón stát agus ón gcaipitleachas.

Litir do m'íníon

le Justine Irvine

Seo é ár dteach, a Thanwen, a stór.

Tá sé neadaithe i ngleann sa Bhreatain Bheag. Lena saibhreas coillte agus sruthanna, tá sé éasca dearmad a dhéanamh air gur athraigh an domhan ó bhonn aníos tamall beag sular rugadh tú. Roimh an víreas, bhímis san oifig nó i mbialann éigin, agus ár dteach beag fágtha folamh inár ndiaidh. Agus tusa tagtha ar an saol, caithimid gach nóiméad le chéile sa teach agus muid ag obair, ag ithe, ag glanadh nó ag léamh, ag gáire agus ag spraoi leatsa. Bímid ag siúl le chéile sa choill, nó ar an trá, agus tusa ar dhroim duine againn. Bíonn do shúile ag lonradh nuair a fhaigheann tú spléachadh ar ainmhí mar iora nó madra nó lon dubh.

Nach bhfuil sé aisteach gurb é tusa an t-aon bhabaí sa domhan? Agus níl ann ach beirt eile agus cat? Tá Mamó agus Daideo ar scáileán an ghutháin agus do theaghlach ar fad. Agus tusa in ann níos mó a fheiceáil anois, caithfidh go bhfuil sé ait duit go bhfuil masc ar aghaidh gach duine sa siopa. Fiú Mamaí agus Daidí. Céard a cheapfaidh tú nuair a bheimid in ann bualadh le daoine eile, nó nuair a bheidh tú in ann freastal ar scoil? Fiú le cúnamh na teicneolaíochta cosúil le físchomhráite, gníomhaíochtaí do leanaí atá ar fáil tríd an ríomhaire glúine, tá an tsochaí scartha. Is trua nach bhfuil aon teagmháil le páistí eile agat.

Ach arís, is sa Bhreatain agus sa Ghaeilge a bhíonn gach comhrá eadrainn. Tá do thuismitheoirí ar bís nuair a bhímid ag smaoineamh, “Cén focal a dhéarfaidh sí i

dtosaigh?” agus, “Agus cén teanga?” Mar fhoghlaimeoirí sa dá theanga, tá sé an-tábhachtach dúinn go mbeidh tú in ann iad a labhairt. I measc na gcúrsaí scanrúla atá ar siúl sa lá atá inniu ann, tá “Gaeltacht” bheag againn sa teach anseo. “Sochaí” rathúil do theangacha dúchais, mionlach atá againn faoinár ndíon, agus is í an teicneolaíocht an t-aon rud a chuireann i dteagmháil lenár dteaghlach sinn. Tá mise fhéin níos gaire do m'oidhreacht in Éirinn de bharr na gcúrsaí seo.

Tá a fhios againn anois a thábhachtaí atá ár dteach. Bainimid sólás as an teach seo. Agus níl sé folamh a thuilleadh. Tá sé lán le gáire, le fuaime gléasanna leictreacha, le caint i nGaeilge agus i mBreatnais, le canadh agus le léitheoireacht in éineacht leatsa. Ní hé an víreas is bun leis an áthas seo ná na rialacháin a thugann orainn fanacht sa bhaile. Is tusa is cúis leis, a iníon. Níl a fhios agam cén chuma a bheidh ar an domhan tar éis na tréimhse aistí seo, ach tá súil agam go gcuimhneoidh tú ar an am speisialta sin nuair nach raibh ach triúr agus cat sa domhan ar fad.

► Is as Tuaisceart na hÉireann do mhuintir Justine. Bhain sí céim sa mBitheolaíocht in Ollscoil Aberystwyth agus d'fhreastail sí ar chúrsaí teanga ansin freisin, cúrsaí Breatnaise agus Gaeilge. Is máthair, bitheolaí agus feirmeoir í agus tá cónaí uirthi, in éindí lena fear agus lena hiníon, in aice Chastell-nedd i ndeisceart na Breataine Bige.



Fferm Olaf y Cwm

Tamsin Cathan Davies

Un nos Sul ddiwedd mis Mehefin, gadawodd Mrs Gwalia Jones Ty'n yr Eithin y byd hwn ar ôl gwaeledd hir. Gorweddai yn ei gwely o dan y trawstiau trwchus, gyda'r nant yn sibrawd y tu allan i'r ffenest. Roedd y defaid a'u hŵyn yn pori yng nghysgod yr hen dŷ wrth i'r haul fachlud ar y gorwel ymhell y tu hwnt i'r aber islaw. Gyda'i hanadl olaf, bu farw fferm olaf y cwm.

Ar un adeg, roedd pedair fferm yn y cwm. Yn gyntaf, yn uchel uwchben y pentref, roedd Pen y Garreg. Doedd neb yn cofio Pen y Garreg fel fferm, er bod yr hen bobl yn y pentref, pan oedd Mrs Jones yn ifanc, yn cofio amser pan oedd gwenith yn cael ei dyfu ar y llethrau cyfagos. Dim ond adfail oedd yn bodoli nawr, gyda darn bach o laswellt o'i gwmpas, wedi'i grafu allan o'r rhedyn a'r grug drwy waith caled dwylo anghofiedig.

Ychydig islaw, safai Bwlch y Garreg. Roedd y tŷ wedi hen fynd, ond roedd fferm Hafod y Ffridd yn dal i ddefnyddio'r hen feudy adeg wyna nes i gwpl o Lundain gynnig ei brynu. Doedd hi ddim yn bosib' sleifio i mewn allan o wynt y mynydd ac anadlu arogl y gorffennol yn y tywyllwch bellach. Erbyn hyn, roedd yn fwthyn twt gyda Landrover sgleiniog y tu allan. Wrth y drws, roedd y perchnogion newydd wedi gosod arwydd a oedd yn darllen 'The Granary'. Cerddai Mrs Jones heibio'r arwydd i hel yr ŵyn ar y mynydd ac roedd ei chalon yn brifo pob tro roedd hi yn ei weld.

"Sut mae disgwyl i'n pobl ifanc fforddio cartref pan mae hen feudy yn gwerthu am grochris?" meddai pobl y pentref.

Nesaf, roedd Hafod y Ffridd. Doedd Hafod y Ffridd ddim angen beudy bellach oherwydd ei fod yn wag am y rhan fwyaf o'r flwyddyn. Safai gyda ffenestri tywyll a simnai oer yng nghesail y mynydd fel petai'n galaru am y dyddiau a fu pan fyddai Mary Ann a Thomas Glyn yn rhedeg nerth eu traed lawr i Dy'n yr Eithin i gwrdd â Gwalia er mwyn iddynt gyrraedd yr ysgol yn brydlon. Buasai'r siwrnai adref yn arafach. Byddai angen iddynt nôl rhywbeth o siop y pentref cyn dechrau lan y mynydd eto, ac roedd eu bagiau a'u traed yn drwm. Cwynai Thomas Glyn a llusgo ei draed.

"Paid bod yn fabi," meddai Mary Ann.

"Ond babi yw ei," meddai Gwalia. "Dyn ni ddim yn gallu ei adael e fan hyn. Beth os yw'r tylwyth teg yn ei ddwgyd?"

Efallai fod y tylwyth teg wedi'i ddwyn. Daeth Mr Jones o hyd i'w gorff ar yr Wylfa a'i gŵn wrth ei ochr. Damwain oedd hi, yn ôl y cwest. Penderfynodd nith Mary Ann gadw'r lle fel tŷ gwyliau, ar ôl gwerthu'r tir. Roedd yr ysgol a'r siop yn dai gwyliau hefyd erbyn hyn.

"Bai'r Cymry yw hyn, am fynd ar ôl yr arian," meddai hanner y pentref. "Dylen ni werthu am bris is i bobol leol."

"Ond os ydyn ni'n gwneud 'ny," meddai'r hanner arall, "Sut 'dyn ni'n gallu fforddio prynu tŷ i symud iddo?!"

Gwrandawodd mab Mrs Jones, ond roedd y to yn gollwng, pris ŵyn yn isel a'r crydcymalau yn ei boenydio wrth iddo ddringo'r Wylfa. Ymhen dim, gwerthwyd Ty'n yr Eithin i fenyw ddŵad oedd eisiau tyfu llysiau a chadw geifr. Doedd dim ŵyn bellach; tyfai'r rhedyn a'r mieri yn drwchus ar y mynydd.

"Of course," meddai pobl y pentref, wrth ei chroesawi. "This was never a Welsh speaking area."



An tSraith Deiridh ar Lár

le Tamsin Cathan Davies

O íche Dé Domhnaigh amháin, i ndeireadh an Mheithimh, cailleadh Mrs Gwalia Jones Tigh'n Aitinn agus b'fhada an lá a bhí an tinneas ina leannán aici faoin am sin, go deimhin. Bhíodh sí ina luí sa leaba agus na bíomaí téagartha os a cionn agus an sruthán beag ag monabhar ina cluais ón taobh amuigh. Bhí na huain ar féarach faoi scáth an tseantí agus an ghrian ag dul faoi taobh thall den inbhear thíos. Leis an dé deiridh a d'imigh aisti cailleadh feilm deiridh an ghleanna.

Bhí ceithre fheilm sa ngleann tráth dá raibh. I dtús báire, bhí Ceann na Carraige ag breathnú anuas ar an mbaile ó airde an chnoic. Ní chuimhneodh aon duine ar Cheann na Carraige mar fheilm a thuilleadh, seachas na seanfhondúirí, nuair a bhí Mrs Jones óg, ba chuimhneach leo siúd an tráth a bhí cruithneacht ann ar leicne an chnoic i bhfoisceacht an tí. Ní raibh ann ach fothrach



anois agus paistín beag féir timpeall air, preabán talún a sciobadh ón raithneach agus ón bhfraoch le hobair chrua na lámha aineoil.

Níos faide síos, bhíodh Bearna na Carraige. Bhí an teach féin imithe le fada an lá, ach choinneodh feilm an Chimín Samhraidh an seanbhótheach tráth breithe na n-uan, go dtí gur thairg cúpla as Londain é a cheannacht. Níorbh fhéidir a thuilleadh teitheadh isteach ann amach ó bhéal ghaoth an tsléibhe agus blogam anála a ól ó shruth caite an ama, faoi scáth an dorchadais. Bothán gleoite a bhí ann feasta agus Landrover lonrach snasta taobh amuigh de. Ar ndóigh, ‘The Granary’ a bhí ar chomhartha an tí a chuir na húinéirí nua ann. Shiúladh Mrs Jones thart agus na huain á dtiomáint aici agus lionn dubh mór os cionn a gáire gach uile bhabhta a d’éirigh an feic céanna amach roimpi.

“M’anam, cén chaoi a mbeadh sé d’acmhainn ag an aos óg teach a cheannacht anseo agus an seanbhótheaichín féin á dhíol ar an bpionós sin de phraghas?” a déarfadh muintir an bhaile.

An Cimín Samhraidh an chéad áit eile. Ní raibh aon chall le bótheach ann a thuilleadh mar bhí an teach follamh an chuid is mó den bhliain. Bhí sé ansin agus na fuinneoga dorcha agus an simléar fuar ann in ascaill an tsléibhe, mar a bheadh cumha air i ndiaidh na laethanta a d’imigh thart, nuair a bhíodh Mary Ann agus Thomas Glyn ag ritheacht ar cosa in airde anuas go Tigh’n Aitinn faoi choinne Gwalia, i riocht’s go sroichfidís teach na scoile in am. Ba mhoille an bealach abhaile. Chaithfidís a dhul i dteachtaireacht go siopa an bhaile sul má thosnóidís ar an mbealach ar ais suas an sliabh; ba trom a bhí na málaí agus na cosa acu. Bhíodh Thomas Glyn ag éagaoineadh agus é ag tarraingt na gcos suas.

“Tá tusa chomh bog le babaí,” a déarfadh Mary Ann.

“Ach babaí atá ann, go deimhin!” a déarfadh Gwalia. “Ní féidir

linn é a fhágáil anseo. Abair go bhfuadódh na síogaí é!”

B’fhéidir gur fhuadaigh na síogaí é freisin. Fuair Mr Jones ina chorp é ag an bhFara Faire agus a chuid madraí lena thaobh. Timpiste a bhí ann, de réir an ionchoisne. Shocraigh Mary Ann an áit a choinneáil mar theach saoire agus díoladh an talamh. Bhí an scoil agus an siopa ina dtithe saoire faoi sin.

“Ar na Breathnaigh atá a mhilleán, dúil acu san airgead,” a déarfadh leath an bhaile. “Ba cheart dúinn a bheith ag díol ar phraghas níos ísle do mhuintir na háite.”

“Ach má dhéanann muid é sin,” a déarfadh an leath eile, “Cén chaoi mbeadh sé d’acmhainn againn imeacht go dtí áit eicint eile agus teach a cheannacht ann?!”

Bhí mac Mrs Jones ag éisteacht, ach bhí braon anuas sa díon agus ba suarach an díol a bhí ar na huain agus bhí na scoilteacha á chrá agus é ag dreapadh leis suas an Fara Faire. Go gearr ina dhiaidh sin, díoladh Tigh’n Aitinn do bhean strainséartha a bhí ag iarraidh glasraí a fhás agus gabhair a choinneáil ann. Ní raibh aon uain ann a thuilleadh; tháinig fás rábach faoin raithneach agus faoi na driseacha ar leiceann an tsléibhe.

“Of course,” a déarfadh muintir an bhaile agus iad ag fearadh fáilte roimh an mbean strainséartha. “This was never a Welsh speaking area.”

► Tá cónaí ar Tamsin i Machynlleth i lár na Breataine Bige—áit a bhfuil an Bhreatnais sách láidir fós cé go bhfuil líon na gcainteoirí ag titim. Tá sí ag obair san oideachas Breatnaise agus tá sí i mbun feachtasaíochta le Cymdeithas yr Iaith Gymraeg i gcúrsaí éagsúla, m.sh. an riachtanas tithíochta inacmhainne agus gilleagar rathúil leis an teanga a choinneáil slán.

Saoire sa bhaile agus géarchéim tithíochta sa Ghaeltacht

le Pádraig Mac Osair

Thóg sé conspóid nuair a cheannaigh infheisteoir institiúideach eastát tithíochta iomlán i gCill Dara le déanaí. Taispeánann sé seo chomh tarraingteach atá Éire mar mhargadh tithíochta, agus nach bhfuil an pobal áitiúil ábalta tithe a cheannacht, fiú amháin an té atá ar ioncam maith.

Ach ní na cathracha amháin atá i gceist, agus tá sé le feiceáil sa Ghaeltacht, de bharr na turasóireachta agus an-chreach ag teacht ar an mhargadh tithíochta áitiúil dá bithin sin. Tháinig athrú mór ar an tionscal turasóireachta i 2020, nuair a thosaigh muintir na hÉireann ag dul ar saoire in Éirinn arís mar gheall ar an phaindéim. Tháinig méadú 31% ar an líon daoine a bhí ag taisteal laistigh den tír idir Meitheamh agus Meán Fómhair 2020 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna i 2019. Bhí Tír Chonaill, Gaillimh agus Chiarraí i measc na n-áiteanna is saoire, go háirithe ceantair Ghaeltachta cosúil le Corca Dhuibhne, Gaith Dobhair agus Inis Móir.

Tá geilleagar na nGhaeltachtaí áitiúla ag brath ar an turasóireacht leis na blianta anuas, cosúil lena lán contaetha in Iarthar na hÉireann. Mar shampla, bhí 13% den fhostaíocht ar fad nasctha leis an turasóireacht i dTír Chonaill agus 19% i gChiarraí i 2020. Tá an turasóireacht ar an tionscal is forbartha sa Ghaeltacht, agus is minic gurb é an earnáil seo an t-aon fhostóir áitiúil atá fágtha tar éis do na polasaithe déine teacht i bhfeidhm ó 2008 ar aghaidh. Ach níl na turasóirí seo ag fanacht in óstáin. Níl an rogha acu

fanacht in óstáin go minic — chaill Gaith Dobhair 5 cinn de na 6 óstán a bhí sa cheantar idir 2010 agus 2015.

Bíonn siad ag fanacht i dtithe saoire agus AirBnb den chuid is mó — bíonn an-tionchar aige seo ar an líon tithe atá ar fáil fá choinne mhuintir na háite fiú amháin i rith an gheimhridh. I mí na Samhna 2019, roimh an bpaindéim agus an t-athrú mór tagtha ar thionscal na turasóireachta, ní raibh ach 3 teach ar fáil ar cíós i nGhaeltacht Chiarraí ar daft.ie ach bhí 219 teach saoire ar fáil fá choinne turasóirí sa gceantar céanna, iad fógraithe ar daft.ie. Bhí 8 dteach ar cíós agus 92 teach saoire ar fáil i nGhaeltacht Thír Chonaill, agus i gConamara, ina raibh 26 teach ar cíós agus 340 de thithe saoire fógraithe. Tá an oiread sin éilimh ann ar lóistín samhraidh sa Ghaeltacht go bhfuil tithe ar fáil ar cíós

suas le €800 sa tseachtain i nGaith Dobhair, agus €588 sa tseachtain i nGhaeltacht Chiarraí. Ciallaíonn rátaí brabúis mar seo go mbíonn an Ghaeltacht an-tarraingteach d'infheisteoirí institiúideacha. Tá níos mó airgid le déanamh ag cur tithe ar fáil don turasóir i rith an tsamhraidh agus iad folamh i rith an gheimhridh ná iad a chur ar fáil don phobal áitiúil. Chonacthas an rud céanna i gCill Dara — níl aon chumhacht ag muintir na háite i gcomparáid leis na hinfeisteoirí institiúideacha, agus tá an geilleagar áitiúil ag brath ar chuairteoirí.

Ó seo, tháinig laghdú uafásach ar úsáid na Gaeilge sa cheantar — tá na Gaeilgeoirí scaipthe óna chéile agus beidh orthu bogadh go dtí an Ghalltacht chun obair bhuan nó tithíocht a fháil, agus líon na nGaeilgeoirí sa Ghaeltacht á laghdú dá bharr sin gan stad.

Taispeánann an fadhb seo gur mór an t-íomard a bheidh ag an turasóireacht ar an teanga sna blianta atá le teacht — in éagmais plean teanga a thugann obair bhuan agus tithíocht shóisialta don phobal áitiúil ionas gurbh fhéidir pobal na Gaelachta a choimeád le chéile. Ní leor 'athbheochan' eacnamaíochta a chur i bhfeidhm, i mBéarla ar fad atá inneall na heacnamaíochta ag oibriú ar aon nós — tá athbhreith agus athbheochan réadúil pobail Ghaelaigh uainn feasta.

► Is as Tír Chonaill do Phádraig agus tá sé lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Tá a chuid scríbhinní le léamh i Headstuf, Rabble agus Mionlach agus bíonn sé ag craoladh leis an irischlár Nervous State ar Dublin Digital Radio.



MISNEACH

eolas@misneachabu.ie

Grúpa radacach na nGael



Seacht Mór-Sprioc

1. Lánfhostaíocht, a thugann aitheantas do chearta teanga, sa Ghaeltacht agus sa tír i gcoitinne.
2. Oideachas trí Ghaeilge d'ardchaighdeán ar fáil ag gach leibhéal dóibh siúd atá á iarraidh.
3. Cearta iomlán teanga ar fáil do na Gaeil in Éirinn.
4. Gach seirbhís ar fáil trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.
5. Féinchumhachtú na nGael.
6. Saol sóisialta bríomhar ar fáil trí Ghaeilge.
7. Díchoilíniú iomlán!

**GLAC BALLRAÍOCHT
LINN INNIU!**



Na Caochphoill – an Amharclann agus an tSochaí

le Vendula Ježková-Kasalická

Tá gréasan tiubh téagartha amharclanna sa tír seo agus compántais bhuana iontu agus iad á maoiniú as cistí poiblí. Ón Athbheochan Náisiúnta anuas is mór leis an bpobal na compántais amaitéara. Faoi réim an Chumannachais ba bheadh an baile nár bunaíodh *Dům kultury* (Teach an Chultúir) nó spás sóisialta cosúil leis sin ann, le haghaidh chaitheamh aimsire an phobail. Spás a mbíodh muintir na háite ag casadh le chéile, ag damhsa agus ag drámaíocht (faoi chuingir na cinsireachta, ar ndóigh). Ba mhór an claochmú a tháinig ar dhioscúrsa an choitinn i 1989 i ndiaidh na Réabhlóide Veilbhite—athrú chun feabhais, cheapfá. Ach d'iompaigh an spás poiblí ina áitreabh tráchtála, spás nach mbeadh sé d'acmhainn airgid ag cuid mhaith a rochtain. Leis na blianta beaga anuas, fuair an spás poiblí aiseag sláinte, a bhuí sin le deontais éagsúla ón AE. Ach is trom iad na deontais chéanna mar ualach maorlathais, go háirithe don ghnáthdhuine. Ach an é an t-airgead amháin is tábhachtaí ar fad?

Le tríocha bliain anuas tá saoirse cruthaithe agus cainte againn, ach tá rud éigin as alt. Ach céard é sin féin? Mhol an ealaíontóir Eva Nečasová an leabhar *Slepe*

daonlathas agus leis an bhfás atá ag teacht faoin amhras i dtaobh inmharthanas an daonlathais féin.

Rugamar ar an leabhar mar ábhar inspioráide inár gcúrsa aisteoireachta Just Monkeys le hamharclannaíocht sráide a chruthú. Is daoine proifisiúnta 'normálta' iad na daoine atá ag freastal ar an gcúrsa (30-74 bliana d'aois), daoine nach baol dóibh eisiámh ná bochtanas ná contúirtí eile go díreach, cheapfá. D'iarr mé orthu cur síos a dhéanamh ar an eisiámh a tharla dóibh agus an leabhar á scrúdú acu. Ba mhór an t-iontas a bhí orm féin nuair a tháinig siad ar ais le scéalta pearsanta a bhain leis an urghabháil agus le bulaíocht a fuair siad ón bhfostóir ina dhiaidh sin, le fáinne fí an fhoréigin teaghlaigh, le fadhbannaí tithíochta a leanas é sin, neamhoird itheacháin, bulaíocht de bharr náisiúntachta iasachta, agus tá ról tábhachtach ag an ól beagnach i ngach uile cheann de na scéalta—cuirtear suas le hólachán iomarcach go forleathan i bPoblacht na Seice, cosúil le hÉirinn. Ba é an chéad uair a roinnt an chuid is mó acu a gcuid scéalta os comhair an tsaoil. Is taobh le chéile, seachas ar scáth a chéile, atáimid ag maireachtáil anois. Tá faitíos orainn ár gcuid dóláis agus anó a roinnt le chéile. Níl aon áit ná duine leis sin a dhéanamh, is dócha. Thuig mé ar an bpointe sin féin, sular léiríodh an t-ábhar, gur tharla rud éigin an-tábhachtach inár measc. Is soithí sceiteacha muid mar dhaoine, nach ea ...

Léireofar an taibhiú féin ar an 18 Meán Fómhair 2021 mar chuid den togra pobail *Zažít město jinak* (Beatha eile na Cathrach).

Táimid ag iarraidh teacht isteach i spás poiblí na sráide agus ár gcuid scéalta a roinnt go barántúil, faoi fhad beag na haestéitice. Comhrá a dhéanamh, mar shaoránaigh agus mar chomharsana, seachas mar aos dána, mar dhaoine nach cuma leo duálí agus suáilí na ndaoine eile.

Tríd is tríd, níl ag éirí leis an ealaín oifigiúil ar fhaiche mhór an chomhair shóisialta, níl ag éirí léi catairsis a shaolú ná na ceisteanna a chuireas sí a réiteach. Tá mar a bheadh moill uirthi a méar leagan ar an saol, freagraí a aimsiú; tá sí ag iarraidh a fháil amach, b'fhéidir, cén fheidhm a d'fhéadfadh a bheith aici i sochaí an lae inniu, ionas go mbeadh urlabhra agus caint aici ann. Tá ealaín an lae inniu eisiach, is club eisiach í do ghrúpaí ioncaim áirithe. Tá tionscnaimh

fhórasacha dothuigte d'fhormhór an phobail. Tá na holltáirgí de léiriúcháin ag iompú ina lútáil de *kitsch* leadránach tuirsiúil. Is ar inn ar éigin a déarfá go bhfuil drámaíocht chomhaimseartha sa tSeic ar chor ar bith. Aisteach go leor, is ar an gcogróch is minice a léirítear drámaí le scríbhneoirí cosúil le Roman Sikora atá ag plé le drámaíocht pholaitiúil (tá sé i gcomhar liom sa tionscnamh 'Na Caochphoill'). Smálaíocht smearaíocht. Ach b'fhéidir go bhfuil muid ag druidim le cor cinniúnach éigin. NE!MUSÍŠ TO VYDRŽET (Ní gá dhuith sin a sheasamh)—tionscnamh nua amach ón deil ag mic léinn na nAcadamh Ealaíon i bPoblacht na Seice a léiríodh cúpla lá ó shin—tá sé dírithe ar an leithcheal a imríos na léachtóirí ar na mic léinn, idir mhná agus fhir. Léiríonn sé sin a dhoimhne atá an ghéarchéim shóisialta ina bhfuilimid anois. An ealaín, saol agus beatha an aos dána, atá ina scáthán ar staid na sochaí. Go raibh an gníomh cróga seo de chuid na mac léinn ina ghin i mbroinn na samhlaíochta, go mbrise na huiscí beatha ina sruth cruthaitheachta amach anseo, go mbrise siad na seanstruchtúir, dambaí dolba na fulangachta agus na fuarchúise. Na focail cosúil le *sociální*—sóisialta, *solidarita*—dlúthpháirtíocht, *soucit*—comhbhá, táid á ndíbirt as béal an phobail mar dhriodair méise an Chumannachais; féachfaidh muid, Just Monkeys, le beocht úr a chur iontu. Is iad brí agus beatha na bhfocal seo ár gceann feadhna agus ár gcrann cosanta dochloíte!

*<https://www.hostbrno.cz/slepe-skvrny>

► Tá Vendula ag múineadh i réamhchúrsaí aisteoireachta .i. 'aisteoireacht chruthaitheach' i gClinic Shíceasómatach Phrág 6 agus ag obair i dtionscadail oideachais in institiúidí de chuid NPI ČR (Institiúid Oideachais Náisiúnta Phoblacht na Seice) agus Roinn na Forbartha Áitiúla. Bhain sí céim dochtúireachta in JAMU (Acadamh Ealaíon Janáček) i mBrno lena tráchtas 'An Aisteoireacht mar Chruthaitheacht. Staidéar i mBunranna an Phróisis Chruthaitheach'. Tá sí i bhfeigil an ardáin drámaíochta Just Monkeys.




skvrny (Na Caochphoill, 2020) dom, leabhar ó pheann an tsocheolaí Daniel Prokop atá ag plé le fadhbanna agus dúshláin na Seice agus an domhain sa lá atá inniu ann. Bochtanas gan réiteach agus urghabháil réadmhaoine, míchothromaíochtaí sa gcóras oideachais agus deiseanna maireachtála teoranta, borradh faoin bpobalachas gan aon mhodh ceart le hé a láimhseáil, fabhalscéalta faoi thuairimí an phobail a chuireas scamall ar an bhfrinne—baineann sé seo uileag leis an laige atá ag teacht ar mhuinín na Seiceach sa

Iníon an Deoraí

le Cáit Ní Ghionnáin

Is mise Cáit, tá mé ceithre bliana is tríocha d'aois, rugadh agus tóigeadh i mBrighton Shasana mé. Bhí spéis mhór agam sa nGaeilge ó bhí mé beag. Is minic a chluisinn Sean-Nós agus Ceol Tíre Gaeilge ar téip nuair a bhí mé sa gcarr in éindí le m'athair. Bhíodh mé i gcónaí ag cur isteach air, ag cur ceisteanna air cosúil le 'Céard atá siad a rá, Dad?' agus 'Céard a chiallóinn an t-amhrán seo, a Dheaid?' Mhúin mo Dhaeid roinnt frásaí beaga úsáideacha dhom ar nós 'Dún do chlab' agus 'Dún an doras' agus rudaí mar sin agus roinnt paidreacha freisin.

Is as Caladh Mhaoinse i gCarna, Conamara, do m'athair agus is cainteoir dúchais é. D'aistrigh sé go Sasana nuair a bhí sé sé bliana déag d'aois le hobair a fháil ann. Bhí sé sin coitanta ag an am sin do dhaoine as Conamara a dhul ar imirce go



Sasana nó go Meiriceá, mar ní raibh mórán oibre ná *opportunities* le fáil faoin tuath i gConamara. Ní raibh ach cúpla focal Béarla aige ag an am sin. Micheál Pheait Phádraic Pheadair. Michael Gannon. M'athair féin, tógálaí, deoraí... Duine de na Gaeil a thóig infreastruchtúr na Ríochta Aontaithe ar fad—agus a dhúiche féin gan an stráicín biotúmain amháin féin ann, bánaithe—nach cuma sa diabhal?

An chéad uair a tháinig mé go Éirinn, bhí mé timpeall deich mbliana d'aois agus bhí iontas mór orm Béarla a chloisteáil ansin! Cheap mé go labhraífi Gaeilge amháin ar

fud na tíre! I 2008 thosaigh mé mo chéim i Litríocht an Bhéarla agus sa nGaeilge in Ollscoil Aberystwyth sa mBreatain Bhig. Thit mé i ngrá leis an áit agus ba mhó an grá a d'fhás ionam ansin don Ghaeilge (ach ní raibh mórán grá agam don tSean-Ghaeilge faraor!).

Tá mé i mo chónaí i mBrighton aríst, th'éis seacht mbliana a chaitheamh sa mBreatain Bhig dom, agus shocraigh mé grúpa Straoisleabhair do Ghaeilgeoirí na háite a chur ar bun ansin. Chruthaigh mé an grúpa mar bhí mé ag iarraidh bualadh le Gaeilgeoirí san áit le mo chuid Gaeilge a chleachtadh. Is 'Pop-Up Gaeltacht Brighton' é an t-ainm atá ar an leathanach. Is grúpa beag muid, ach tá muid ag fás, beagán ar bheagán. Roimh an bpendéim chasadh muid sa teach ósta le cúpla cruiscín a ól agus comhrá a dhéanamh.

Tá spéis mhór agam sna

teangeacha Ceilteacha eile freisin, agus nuair a bhí mé i mbun staidéir sa gColáiste, d'fhoghlaim mé roinnt Breatnaise; labhraítear an Bhreatnais go forleathan in Aberystwyth, agus tá sin go maith do theanga mhionlaithe mar Bhreatnais, go mbíonn sí i mbéal mhuintir na háite ó lá go ló. Chluisinn an Bhreatnais gach uile lá nuair a bhí cónaí orm in Aberystwyth. Rinne mé staidéar ar Ghaeilge na hAlban nuair a bhí mé ar Erasmus i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. D'fhoghlaim mé Gaeilge na hAlban trí mheán na Gaeilge, bhí sé deacair, ach bhain mé an-sult as. É seo uileag ráite, is iníon le m'athair mise—deoraí i Sasana...

► Maille lena ról sa saol Gaelach i mBrighton agus a post mar Riarthóir Eitic agus Ionracas Taighde in Ollscoil Sussex, tá Cáit ina hOifigeach Leithdháilte sa gcomharchumann tithíochta a bhfuil cónaí uirthi ann.

Mionlach

Mionlach 43122 Uimh. 9 Feabhra 2018
— IRIS DE CHUID MISNEACH —

Ní Bhánófar Fód ár nDúchais!

MISNEACH ar dhanga, ar dultach

» Cas Dhiarmaid Uí Chadhla
» Bliain na Gaeilge 2018
» Filíocht réabhlóideach
Agus go léir eile...

Bua do na Mnáibh

MISNEACH ar dhanga, ar dultach

» Bus ag Lucht na hAighallime
» Eileandál na Gaeltachta
» Clóidreacht tríd leibhéal faoi ionas
Agus go léir eile...

Mionlach 43122 Uimh. 11 Aibreán 2018
— IRIS DE CHUID MISNEACH —

Is é an Brabús an Máistir

MISNEACH ar dhanga, ar dultach

» Ethnic C
» An Gúearchéim tithí
» An Saol i Me...

Mionlach 43122 Uimh. 12 2018
— IRIS DE CHUID MISNEACH —

SOCIALISM WILL WIN BEIR MUA

Réabhlóid Rojava

MISNEACH ar dhanga, ar dultach

» Taisc Boin Réabhlóid in Rojava
» Clóidreacht tríd leibhéal faoi ionas
» An t-áit a bhí ar cheol Gaeltach
» Réabhlóid Veilbhite 1989
Agus go léir eile...

IRIS DE CHUID MISNEACH



An Spailpín Fánach

Ceardlann. An Spidéal. Co na Gaillimhe



Gael-Earraí den scoth
Deartha agus
Priondálte
sa Ghaeltacht

www.spailpin.com

Sonraí Teagmhála
MISNEACH:

Náisiúnta:

Facebook;
eolas@misneachabu.ie;
www.misneachabu.ie

Gaillimh:

facebook

Béal Feirste:

facebook

Baile Átha Cliath:

misneachbac@gmail.com

Misneach Dhoire,
Chorcaí, Luimnigh, Nua-
Eabhrac agus Misneachd na
hAilbhan le fáil ar facebook



Glac ballraíocht bhliantúil linn inniu!

Ainm:

Seoladh:

.....

Fón: Ríomhphost:

€5 gan phá/€10 ar phá

Seol airgead tirim nó seic, mar aon leis an bhfoirm seo, chuig
33 Céide na Grianóige, BÁC 24, Éire,

nó déan lóisteáil chuig:

Ainm an chuntais: MISNEACH

Cód sórtála: 90-14-90

Uimhir an chuntais: 48095491



MISNEACH

ár dteanga, ár dtodhchaí